*Uimhir* 60 *de* 2015

# An tAcht Féimheachta (Leasú), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 60 *de* 2015

# AN tACHT FÉIMHEACHTA (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Mínithe
2. Leasú ar alt 3 d'Acht 1988
3. Leasú ar alt 12 d'Acht 1988
4. Leasú ar alt 17 d'Acht 1988
5. Leasú ar alt 18 d'Acht 1988
6. Leasú ar alt 19 d'Acht 1988
7. Leasú ar alt 21 d'Acht 1988
8. Leasú ar alt 56 d'Acht 1988
9. Leasú ar alt 61 d'Acht 1988
10. Leasú ar alt 85 d'Acht 1988
11. Leasú ar alt 85A d'Acht 1988
12. Leasú ar alt 85D d'Acht 1988
13. Ordú foirceanta
14. Leasú ar alt 112 d'Acht 1988
15. Leasú ar alt 123 d'Acht 1988
16. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Féimheachta, 1988 (Uimh. 27)

Na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2011

An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)

An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 (Uimh. 27)

An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (Uimh. 44)

*Uimhir* 60 *de* 2015

# AN tACHT FÉIMHEACHTA (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do laghdú an téarma féimheachta agus téarma orduithe íocaíochta féimheachta in imthosca áirithe; do dhéanamh socrú maidir le háras teaghlaigh, le háras comhroinnte nó le príomháit chónaithe phríobháideach an fhéimhigh a uath-athdhílsiú dó nó di in imthosca áirithe; agus, chun na gcríoch sin agus chun críocha eile, do leasú an Achta Féimheachta, 1988.

[25 *Nollaig* 2015]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Mínithe**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1988" an tAcht Féimheachta, 1988;

ciallaíonn "Acht 2012" an tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012.

**Leasú ar alt 3 d'Acht 1988**

**2.** Leasaítear alt 3 d'Acht 1988 i bhfo-alt (1) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

> "tá le 'príomháit chónaithe phríobháideach' an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 faoi réir an mhodhnaithe go measfar, maidir le haon tagairt don fhéichiúnaí, gur tagairt í don fhéimheach;".

**Leasú ar alt 12 d'Acht 1988**

**3.** Leasaítear alt 12 (a leasaíodh le halt 146 d'Acht 2012) d'Acht 1988 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

> "(1) Tíolacfaidh an creidiúnaí achainíoch a achainí ar a chostas féin agus tabharfaidh sé ar aghaidh í agus, faoi réir fho-alt (2), déanfaidh an Chúirt, tráth éisteachta achainí na gcreidiúnaithe faoi alt 14 nó dá éis sin, ordú chun na costais sin a íoc as eastát an fhéimhigh i gcúrsa tosaíochta a shocrófar le rialacha cúirte.".

**Leasú ar alt 17 d'Acht 1988**

**4.** (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, leasaítear alt 17 d'Acht 1988 trí fho-alt (3) a scriosadh.

(2) Más rud é, an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, go mbeidh suí reachtúil ceaptha faoi alt 17(3) d'Acht 1988 don lá sin nó do lá dá éis sin nó go mbeidh, an lá sin a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, suí reachtúil arna cheapadh faoin alt sin curtha ar atráth, beidh feidhm ag Acht 1988 maidir leis an suí reachtúil sin nó maidir leis an suí reachtúil atrátha sin, de réir mar a bheidh, amhail is nach ndearnadh na leasuithe a dhéantar le *fo-alt (1)* agus le *hailt 3*, *5*, *13* agus *14*.

**Leasú ar alt 18 d'Acht 1988**

**5.** Leasaítear alt 18 d'Acht 1988 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Féadfaidh creidiúnaithe féimhigh—

(a) duine (dá ngairtear 'sannaí na gcreidiúnaithe' san Acht seo) a roghnú agus a cheapadh chun feidhmiú dóibh i riaradh eastát an fhéimhigh, agus

(b) tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe i leith na féimheachta sin, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte chun an ceapachán sin a dhaingniú.".

**Leasú ar alt 19 d'Acht 1988**

**6.** Leasaítear alt 19 d'Acht 1988, i mír (a), trí "cibé leabhair chuntas, páipéir eile nó taifid eile (lena n-áirítear cóipeanna de na leabhair chuntas, na páipéir eile nó na taifid eile sin atá á sealbhú i bhfoirm leictreonach)" a chur in ionad "cibé leabhair chuntas nó páipéir eile".

**Leasú ar alt 21 d'Acht 1988**

**7.** Leasaítear alt 21 d'Acht 1988 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Féadfaidh an Chúirt a cheangal air aon leabhair chuntas, páipéir eile nó taifid eile (lena n-áirítear cóipeanna de na leabhair chuntas, na páipéir eile nó na taifid eile sin atá á sealbhú i bhfoirm leictreonach) atá ina sheilbh nó faoina rialú agus a bhaineann leis na nithe réamhráite a thabhairt ar aird ach, i gcás go n-éilíonn sé aon lian ar leabhair, ar pháipéir nó ar thaifid a thabharfaidh sé ar aird, ní dhéanfaidh a dtabhairt ar aird dochar don lian sin agus féadfaidh an Chúirt gach ceist a chinneadh i ndáil leis an lian.".

**Leasú ar alt 56 d'Acht 1988**

**8.** Leasaítear alt 56 d'Acht 1988—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Faoi réir fho-alt (5), más é atá in aon mhaoin (seachas maoin iarfhaighte) de chuid féimhigh—

(a) aon chonradh gan bhrabús, nó

(b) aon mhaoin eile—

(i) nach féidir a dhíol,

(ii) nach féidir a dhíol go réidh ar chúis ar bith (lena n-áirítear toisc go bhfuil an mhaoin faoi réir aon mhorgáiste, aon mhuirear, aon lian nó aon urrús eile), nó

(iii) is bun le dliteanas chun airgead a íoc nó aon ghníomh dochraideach eile a dhéanamh,

féadfaidh an Sannaí Oifigiúil, d'ainneoin iarracht a bheith déanta aige an mhaoin a dhíol nó seilbh a bheith glactha aige uirthi nó aon ghníomh úinéireachta a bheith déanta aige maidir léi, an mhaoin a shéanadh tráth ar bith, le cead na Cúirte agus faoi réir fhorálacha an ailt seo, trí scríbhinn a shíneoidh sé.",

agus

(b) trí fho-alt (2) a scriosadh.

**Leasú ar alt 61 d'Acht 1988**

**9.** Leasaítear alt 61 d'Acht 1988—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) D'ainneoin aon fhoráil atá contrártha dó i bhfo-alt (3), ní dhéanfar aon diúscairt ar mhaoin féimhigh, maoin féichiúnaí comhshocraíochta ná maoin duine a fhaigheann bás agus é dócmhainneach ar maoin í a fholaíonn—

(a) áras teaghlaigh (de réir bhrí an Achta um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976) de chuid an fhéimhigh nó chéile an fhéimhigh, nó

(b) áras comhroinnte (de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010) de chuid an fhéimhigh nó pháirtnéir sibhialta (de réir bhrí an Achta sin) an fhéimhigh,

gan cead na Cúirte a fháil roimh ré, agus beidh aon diúscairt arna dhéanamh gan cead den sórt sin ar neamhní.",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Ar iarratas ón Sannaí Oifigiúil faoi fho-alt (4) ar ordú chun áras teaghlaigh nó áras comhroinnte a dhiúscairt, beidh, d'ainneoin aon ní san achtachán seo nó in aon achtachán eile, cumhacht ag an gCúirt ordú a thabhairt chun diúscairt an árais teaghlaigh nó an árais chomhroinnte, de réir mar a bheidh, a chur siar, ag féachaint do leasanna chreidiúnaithe, chéile nó pháirtnéir sibhialta (de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010) an fhéimhigh, an fhéichiúnaí comhshocraíochta

nó an duine a fhaigheann bás agus é dócmhainneach, agus do leasanna aon chleithiúnaithe dá chuid, de réir mar a bheidh, agus d'imthosca uile an cháis freisin.".

**Leasú ar alt 85 d'Acht 1988**

**10.** Leasaítear alt 85 (a leasaíodh le halt 157 d'Acht 2012) d'Acht 1988—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

"(1) Faoi réir fho-alt (2) agus alt 85A, beidh gach féimheacht arna hurscaoileadh ar dháta is cothrom 1 bhliana amháin an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe i leith na féimheachta sin, mura mbeidh an fhéimheacht urscaoilte nó neamhnithe roimh an dáta sin.

(2) (a) I gcás go rachadh ordú breithnithe i leith féimheachta in éag, murach *alt 10* den *Acht Féimheachta (Leasú), 2015*, aon lá i gcaitheamh na tréimhse 6 mhí ó thosach feidhme an ailt sin, beidh an fhéimheacht lena mbaineann arna hurscaoileadh, faoi réir alt 85A, an lá sin mura mbeidh sí urscaoilte nó neamhnithe ar shlí eile.

(b) I gcás go rachadh ordú breithnithe i leith féimheachta in éag, murach *alt 10* den *Acht Féimheachta (Leasú), 2015*, tráth ar bith tar éis 6 mhí a bheith caite ó thosach feidhme an ailt sin, beidh an fhéimheacht lena mbaineann arna hurscaoileadh, faoi réir alt 85A, ar an dáta is déanaí díobh seo a leanas—

(i) 6 mhí tar éis an tosaigh feidhme sin, nó

(ii) aon bhliain amháin ón dáta a rinneadh an t-ordú breithnithe,

mura mbeidh sí urscaoilte nó neamhnithe ar shlí eile.",

(b) i bhfo-alt (3), trí "Faoi réir fho-alt (3A), i gcás go n-urscaoilfear féimheacht" a chur in ionad "I gcás go n-urscaoilfear féimheacht", agus

(c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Faoi réir fho-ailt (3B) go (3F), más rud é, ar dháta is cothrom 3 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe i leith féimheachta—

(a) go mbeidh ar áireamh i maoin neamhréadaithe an fhéimhigh dá dtagraítear i bhfo-alt (3) eastát nó leas i dteaghais arbh í áras teaghlaigh, áras comhroinnte nó príomháit chónaithe phríobháideach an fhéimhigh í dáta déanta an ordaithe breithnithe, agus

(b) i gcás an árais teaghlaigh nó an árais chomhroinnte, nach mbeidh iarratas déanta ag an Sannaí Oifigiúil chun na Cúirte ar ordú chun an t-áras sin a dhíol,

beidh an t-eastát sin nó an leas sin, ar an dáta sin is cothrom 3 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe, arna athdhílsiú don

fhéimheach gan gá a bheith ann aon tíolacas, sannadh ná aistriú a dhéanamh.

(3B) Faoi réir fho-ailt (3E) agus (3F), más rud é, roimh an dáta is cothrom 3 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe i leith féimheachta—

(a) go mbeidh iarratas déanta ag an Sannaí Oifigiúil chun na Cúirte ar ordú le haghaidh díola i leith teaghais arbh í áras teaghlaigh nó áras comhroinnte an fhéimhigh í ar dháta an bhreithnithe sin, agus

(b) go ndéanfaidh an Chúirt an t-iarratas sin a dhíbhe,

déanfaidh an Chúirt, mura rud é nach measfaidh sí gur cóir déanamh amhlaidh sna himthosca uile, ordú go mbeidh eastát nó leas an fhéimhigh san áras teaghlaigh sin nó san áras comhroinnte sin arna athdhílsiú don fhéimheach ó cibé dáta a shonrófar san ordú gan gá a bheith ann aon tíolacas, sannadh ná aistriú a dhéanamh.

(3C) Faoi réir fho-ailt (3E) agus (3F), ní bheidh feidhm ag fo-alt (3A), más rud é, tráth ar bith tar éis an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe i leith na féimheachta sin ach roimh an dáta is cothrom trí bliana an dáta sin—

(a) go mbeidh comhaontú i scríbhinn déanta ag an Sannaí Oifigiúil agus ag an bhféimheach, ar chomaoin nó ar shlí eile, nach n-athdhílseoidh aon eastát nó aon leas de chuid an fhéimhigh i dteaghais arbh í áras teaghlaigh, áras comhroinnte nó príomháit chónaithe phríobháideach an fhéimhigh sin í ar dháta an bhreithnithe don fhéimheach sin, nó

(b) ar iarratas ón bhféimheach nó ón Sannaí Oifigiúil, go ndéanfaidh an Chúirt, i gcás go measfaidh sí gur cóir déanamh amhlaidh, ordú nach n-athdhílseoidh aon eastát nó aon leas de chuid an fhéimhigh i dteaghais arbh í áras teaghlaigh, áras comhroinnte nó príomháit chónaithe phríobháideach an fhéimhigh sin í ar dháta an bhreithnithe don fhéimheach sin.

(3D) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3A) más rud é, ar iarratas ón Sannaí Oifigiúil tráth ar bith tar éis an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe i leith na féimheachta sin ach roimh an dáta is cothrom 3 bliana an dáta sin, go ndéanfaidh an Chúirt cibé tréimhse is faide ná sin a mheasfaidh an Chúirt is cóir sna himthosca uile a chur in ionad an dáta sin is cothrom 3 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe.

(3E) I gcás go ndéanfaidh an Chúirt ordú faoi fho-alt (3D), beidh feidhm ag fo-ailt (3A), (3B) agus (3C) faoi réir an mhodhnaithe go measfar, maidir le gach tagairt sna fo-ailt sin don dáta is cothrom 3 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe, gur tagairt í don tréimhse is faide a dhéanfaidh an Chúirt, faoi fho-alt (3D), a chur in ionad an dáta sin is cothrom 3 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe.

(3F) I gcás go ndearnadh ordú breithnithe i bhféimheacht níos mó ná 2 bhliain agus sé mhí roimh an lá a thiocfaidh *alt 10* den *Acht Féimheachta (Leasú), 2015* i ngníomh, beidh feidhm ag fo-ailt (3A), (3B) agus (3C) faoi réir an mhodhnaithe go measfar, maidir le gach tagairt sna fo-ailt sin don dáta is

cothrom 3 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe, gur tagairt í don lá a bheidh 6 mhí tar éis an lae a thiocfaidh an t-alt sin i ngníomh.

(3G) I gcás go mbeidh eastát nó leas in áras teaghlaigh, in áras comhroinnte nó i bpríomháit chónaithe phríobháideach athdhílsithe d’fhéimheach de réir an ailt seo, déanfaidh an Sannaí Oifigiúil, ar iarratas ón bhféimheach, deimhniú a eisiúint i cibé foirm a fhorordófar á dhaingniú go bhfuil an t-eastát nó an leas athdhílsithe don fhéimheach sin.”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) (a) San alt seo agus in ailt 85A go 85D, folaíonn ‘féimheach’ ionadaithe agus sannaithe pearsanta.

(b) San alt seo, tá le ‘áras teaghlaigh’ agus ‘áras comhroinnte’ an bhrí chéanna atá leo in alt 61.”.

**Leasú ar alt 85A d’Acht 1988**

**11.** Leasaítear alt 85A (a cuireadh isteach le halt 157 d’Acht 2012) d’Acht 1988 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) I gcás gur deimhin leis an gCúirt—

(a) gur mhainnigh an féimheach comhoibriú leis an Sannaí Oifigiúil le linn sócmhainní an fhéimhigh a réadú, nó

(b) gur cheil an féimheach ar an Sannaí Oifigiúil ioncam nó sócmhainní a d’fhéadfaí a réadú chun sochair do chreidiúnaithe an fhéimhigh nó gur mhainnigh sé an t-ioncam nó na sócmhainní sin a nochtadh don Sannaí Oifigiúil,

féadfaidh an Chúirt, i gcás go measfaidh sí gur cóir déanamh amhlaidh, a ordú, in áit an urscaoilte dá bhforáiltear in alt 85, go mbeidh an fhéimheacht arna hurscaoileadh ar cibé dáta is déanaí ná sin—

(i) a mheasfaidh an Chúirt is cóir, ar dáta é nach déanaí ná cothrom 8 mbliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe, nó

(ii) a mheasfaidh an Chúirt is cóir i bhfianaise a thromchúisí atá an mhainneachtain comhoibriú dá dtagraítear i mír (a) nó a mhéid a ceileadh nó nár nochtadh ioncam nó sócmhainní dá dtagraítear i mír (b), nó i bhfianaise an dá rud, de réir mar a bheidh, ar dáta é nach déanaí ná cothrom 15 bliana an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe.”.

**Leasú ar alt 85D d’Acht 1988**

**12.** Leasaítear alt 85D (a cuireadh isteach le halt 157 d’Acht 2012) d’Acht 1988—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Faoi réir fho-ailt (3A) agus (3B), aon ordú a dhéanfar faoi fho-alt (1), beidh éifeacht leis ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana ón dáta a

thiocfaidh an t-ordú i ngníomh agus, más rud é, le linn thréimhse bhailíochta an ordaithe, go mbeidh an t-ordú athraithe ag an gCúirt faoi fho-alt (5), ní fhágfaidh an t-athrú sin go mbeidh éifeacht leis an ordú ar feadh tréimhse is faide ná 3 bliana agus, in aon chás, aon ordú a dhéanfar faoi fho-alt (1) nó a athrófar faoi fho-alt (5), scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis ar dháta is cothrom 4 bliana an dáta a breithníodh an féimheach ina fhéimheach.

(3A) (a) I gcás go rachadh ordú íocaíochta féimheachta in éag, murach *alt 12* den *Acht Féimheachta (Leasú), 2015*, aon lá i gcaitheamh na tréimhse 6 mhí ó thosach feidhme an ailt sin, beidh an t-ordú íocaíochta féimheachta lena mbaineann arna urscaoileadh, faoi réir fho-alt (3B), an lá sin mura mbeidh sí urscaoilte nó neamhnithe ar shlí eile.

(b) I gcás go rachadh ordú íocaíochta féimheachta in éag, murach *alt 12* den *Acht Féimheachta (Leasú), 2015*, tráth ar bith tar éis 6 mhí a bheith caite ó thosach feidhme an ailt sin, beidh an t-ordú íocaíochta féimheachta lena mbaineann arna urscaoileadh, faoi réir fho-alt (3B), ar an dáta is déanaí díobh seo a leanas—

(i) 6 mhí tar éis an tosaigh feidhme sin, nó

(ii) 3 bliana ón dáta a rinneadh an t-ordú íocaíochta féimheachta sin,

mura mbeidh sí urscaoilte nó neamhnithe ar shlí eile.

(3B) I gcás go mbeidh ordú déanta ag an gCúirt faoi alt 85A(4), beidh éifeacht leis an ordú íocaíochta féimheachta a dhéanfar faoi fho-alt (1) ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana ón dáta a thiocfaidh an t-ordú íocaíochta féimheachta sin i ngníomh agus, más rud é, le linn thréimhse bhailíochta an ordaithe íocaíochta féimheachta sin, go mbeidh an t-ordú sin athraithe ag an gCúirt faoi fho-alt (5), ní fhágfaidh an t-athrú sin go mbeidh éifeacht leis an ordú sin ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana agus, in aon chás, aon ordú íocaíochta féimheachta a dhéanfar faoi fho-alt (1) nó a athrófar faoi fho-alt (5), scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis ar dháta is cothrom 8 mbliana an dáta a breithníodh an féimheach ina fhéimheach.".

**Ordú foirceanta**

**13.** Leasaítear Acht 1988 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 110:

**"110.** I gcás go ndéanfaidh trí chúigiú ar a laghad de na creidiúnaithe, ó thaobh lín agus luacha, a vótálfaidh ag cruinniú de na creidiúnaithe, go pearsanta nó trí dhuine a bheidh údaraithe i scríbhinn chuige sin, a dhearbhú le rún go ndéanfaidh iontaobhaí agus coiste iniúchta eastát an fhéimhigh a fhoirceannadh agus go gceapfaidh siad chun na críche sin iontaobhaí agus coiste iniúchta ar a mbeidh 5 chreidiúnaí ar a mhéid a bheidh cáilithe chun vótáil ag an gcruinniú, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas chuige sin a dhéanamh chuici tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an dáta a dhéanfar an t-ordú breithnithe i leith na féimheachta sin, a ordú go bhfoirceannfar maoin an fhéimhigh amhlaidh.".

**Leasú ar alt 112 d'Acht 1988**

**14.** Leasaítear alt 112 d'Acht 1988—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Beidh an t-iontaobhaí faoi réir rialú na Cúirte san fhoirceannadh agus beidh aird aige ar aon ordacháin a thabharfaidh an coiste iniúchta dó nó a thabharfar dó le rún ó na creidiúnaithe.",

agus

(b) i bhfo-alt (3), trí "Más rud é, ar iarratas chuici faoi alt 110, go ndéanfaidh an Chúirt ordú dá dtagraítear san alt sin, déanfaidh sí, an tráth céanna, socrú maidir leis na nithe seo" a chur in ionad "Déanfar socrú ag an suí reachtúil maidir leis na nithe seo".

**Leasú ar alt 123 d'Acht 1988**

**15.** Leasaítear alt 123 d'Acht 1988 i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

"(c) nach dtabharfaidh sé suas don Sannaí Oifigiúil, nó de réir mar a ordóidh seisean nó an Chúirt, gach leabhar, páipéar agus taifead (lena n-áirítear cóipeanna de na leabhair, na páipéir agus na taifid sin atá á sealbhú i bhfoirm leictreonach) atá ina sheilbh nó faoina rialú agus a bhaineann lena eastát agus a gceanglaítear air de réir dlí iad a thabhairt suas, nó",

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (h):

"(h) go gcoiscfidh sé aon leabhar, páipéar nó taifead (lena n-áirítear cóipeanna d'aon leabhar, páipéar nó taifead atá á sealbhú i bhfoirm leictreonach) a thabhairt ar aird a dhéanann difear dá eastát nó a bhaineann leis, nó",

(c) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (i):

"(i) go ndéanfaidh sé aon leabhar, páipéar nó taifead (lena n-áirítear aon leabhar, páipéar nó taifead den sórt sin atá á shealbhú i bhfoirm leictreonach) a dhéanann difear dá eastát nó a bhaineann leis a cheilt, a dhíothú, a lot nó a fhalsú, nó go mbeidh sé ionpháirteach sa cheilt, sa díothú, sa lot nó san fhalsú sin, nó",

agus

(d) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (j):

"(j) go ndéanfaidh sé aon iontráil bhréagach in aon leabhar, páipéar nó taifead (lena n-áirítear aon leabhar, páipéar nó taifead den sórt sin atá á shealbhú i bhfoirm leictreonach) a dhéanann difear dá eastát nó a bhaineann leis nó go mbeidh sé ionpháirteach ina déanamh, nó".

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

**16.** (1) Féadfar an tAcht Féimheachta (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2015 a ghairm de na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2011 agus den Acht seo, le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

ISBN 978-1-4064-6244-9

9 781406 462449

Wt. 81956. 265. 6/16. Essentra. (66349). Gr.30-15.